Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0229 (COD)**

**9980/18**
**ADD 2**

**ECOFIN 604**
**CADREFIN 92**
**CODEC 1029**
**COMPET 441**
**RECH 283**
**ENER 231**
**TRANS 260**
**ENV 429**
**EDUC 253**
**EF 165**
**TELECOM 178**
**IA 197**
**FSTR 32**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 439 final IARSCRÍBHINN 2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár InvestEU |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 439 final IARSCRÍBHINN 2 ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2018) 439 final IARSCRÍBHINN 2

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2018
COM(2018) 439 final

ANNEX 2

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena mbunaítear an Clár InvestEU**

{SEC(2018) 293 final} - {SWD(2018) 314 final} - {SWD(2018) 316 final}

GA GA

**IARSCRÍBHINN II**

**Réimsí incháilithe le haghaidh oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta**

Féadfaidh na hoibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta teacht faoi cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

1. An earnáil fuinnimh a fhorbairt i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais Fuinnimh, lena n-áirítear slándáil an tsoláthair fuinnimh, agus na gealltanais a rinneadh faoi Chlár Oibre 2030 agus Comhaontú Pháras, go háirithe tríd an méid seo a leanas:
   (a) giniúint, soláthar nó úsáid fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe ghlain a mhéadú;
   (b) éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh (agus fócas ar éileamh a laghdú trí bhainistíocht ar éileamh agus trí athchóiriú foirgneamh);
   (c) an bonneagar fuinnimh a fhorbairt, a dhéanamh níos cliste agus a nuachóiriú (ar an leibhéal tarchuir agus dáileacháin, teicneolaíochtaí stórála)
   (d) breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh agus a sholáthar ó fhoinsí in-athnuaite/neodracha ó thaobh carbóin de; breoslaí malartacha
   (e) bonneagar gabhála agus stórála carbóin.

2. Bonneagair iompair inbhuanaithe a fhorbairt, agus trealamh agus teicneolaíochtaí nuálacha i gcomhréir le tosaíochtaí iompair an Aontais agus na gealltanais a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras, trí bhíthin an mhéid seo go háirithe:
   (a) tionscadail trína thacaítear le bonneagar TEN-T a fhorbairt, lena n-áirítear nóid uirbeacha, calafoirt mhuirí agus intíre, críochfoirt ilmhódacha agus a nasc leis na príomhlíonraí;
   (b) tionscadail soghluaisteachta uirbí agus cliste (lena ndírítear ar chóracha iompair uirbigh ísealastaíochta, rochtaineacht, truailliú aeir agus torainn, ídiú fuinnimh agus tionóiscí);
   (c) tacú le hathnuachan agus iarfheistiú acmhainní iompair soghluaiste d'fhonn réitigh shoghluaisteachta ísealastaíochta a úsáid;
   (d) bonneagair iarnróid, tionscadail iarnróid eile, agus calafoirt mhuirí;
   (e) bonneagar breoslaí malartacha, lena n-áirítear bonneagar luchtaithe leictrigh.

3. An comhshaol agus acmhainní, go háirithe tríd an méid seo a leanas:
   (a) uisce, lena n-áirítear soláthar agus sláintíocht, agus agus bonneagar cósta agus bonneagar glas eile a bhaineann le huisce;
   (b) bonneagar bainistithe dramhaíola;
   (c) tionscadail agus fiontair i réimse na bainistíochta acmhainní comhshaoil agus i réimse na dteicneolaíochtaí glan.

(d) éiceachórais agus na seirbhísí a bhaineann leo a fheabhsú agus a athshlánú;

(e) forbairt inbhuanaithe uirbeach, cósta agus tuaithe;

(f) gníomhaíochtaí maidir leis an athrú aeráide;

(g) tionscadail agus fiontair lena gcuirtear an geilleagar ciorclach i bhfeidhm trí ghnéithe éifeachtachta acmhainne a chomhtháthú leis an táirgeadh agus le saolré táirgí, lena n-áirítear soláthar inbhuanaithe amhábhar príomhúil agus tánaisteach;

(h) tionscadail dianfhuinnimh a dhícharbónú agus a n-astaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear léiriú mórscála ar theicneolaíochtaí ísealastaíochta nuálacha agus ar a gcur in úsáid.

4. Bonneagar nascachta digití a fhorbairt, go háirithe bhíthin tionscadail lena dtacaítear le líonraí an-ardtoille digiteacha a chur in úsáid.

5. Taighde, forbairt agus nuálaíocht, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) taighde, lean n-áirítear bonneagar taighde agus tacaíocht do lucht léinn, agus tionscadail nuálaíochta a rannchuidíonn le cuspóirí [Fís Eorpach];

(b) tionscadail chorparáideacha;

(c) tionscadail agus cláir taispeána chomh maith le bonneagair, teicneolaíochtaí agus próisis a bhaineann leo a chur in úsáid;

(d) tionscadail chomhair idir lucht léinn agus lucht tionsclaíochta;

(e) aistriú eolais agus teicneolaíochta;

(f) táirgí cúraim sláinte éifeachtacha nua, lena n-áirítear táirgí cógaisíochta, feistí leighis agus táirgí íocshláinte ardteiripe.

6. Teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a fhorbairt agus a chur in úsáid, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) an intleacht shaorga;

(b) bonneagair chibearshlándála agus cosanta líonraí;

(c) idirlíon na n-earraí;

(d) blocshlabhra agus teicneolaíochtaí mórleabhar dáilte eile;

(e) ardscileanna digiteacha;

(f) ardscileanna agus seirbhísí digiteacha eile lena gcuirtear le digitiú tionsclaíocht an Aontais.

7. Tacaíocht airgeadais le heintitis a bhfuil suas le 3 000 fostaí acu, agus fócas ar leith ar FBManna agus ar chuideachtaí lárchaipitlithe beaga, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) caipiteal oibre agus infheistíocht a sholáthar;

(b) maoiniú riosca a sholáthar ó shíol go céimeanna leathnúcháin chun ceannaireacht theicneolaíoch in earnálacha nuálacha agus inbhuanaithe a áirithiú.

8. Earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta; na meáin, an earnáil chlosamhairc agus an iriseoireacht.

9. Turasóireacht.

10. Talmhaíocht inbhuanaithe, foraoiseacht, iascach, dobharshaothrú agus gnéithe eile den bhithgheilleagar in bhuanaithe i gcoitinne.

11. Infheistíochtaí sóisialta, lena n-áirítear infheistíochta lena dtugtar tacaíocht do chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe trí:

(a) micreamhaoiniú, maoiniú fiontair shóisialta agus an geilleagar sóisialta;

(b) an t-éileamh ar scileanna agus a soláthar;

(c) oideachas, oiliúint agus seirbhísí gaolmhara;

(d) an bonneagar sóisialta, go háirithe

(i) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus cúram luathóige, saoráidí oideachasúla, tithíocht do mhic léinn agus trealamh digiteach;

(ii) tithíocht shóisialta;

(iii) cúram sláinte agus cúram fadtéarma, lena n-áirítear clinicí, ospidéil, cúram sláinte príomhúil, cúram baile agus seirbhísí pobalbhunaithe;

(e) nuálaíocht shóisialta, lena n-áirítear scéimeanna agus réitigh shóisialta nuálacha arb é is aidhm dóibh tionchair agus torthaí sóisialta sna réimsí dá dtagraítear sa phointe seo;

(f) gníomhaíochtaí cultúrtha a bhfuil shóisialta leo:

(g) daoine leochaileacha a lánpháirtiú, lena n-áirítear náisiúnaigh tríú tíortha;

(h) réitigh shláinte nuálacha, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus samhlacha cúraim nua;

(i) cuimsiú agus rochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.

12. Tionscal na cosanta a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin uathrialachas straitéiseach an Aontais a fheabhsú, go háirithe trí thacú le:

(a) slabhra soláthair thionscal na cosanta san Aontas, trí thacaíocht airgeadais a thabhairt do FBManna agus d'fhiontair mheánchaipitlithe;

(b) cuideachtaí a bhíonn páirteach i dtionscail nuálaíochta shuaiteacha in earnáil na cosanta agus teicneolaíochtaí dé-úsáide gaolmhara;

(c) slabhra soláthar earnáil na cosanta agus taighde cosanta comhair agus tionscadail forbartha á ndéanamh, lena n-áirítear tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó gCiste Eorpach Cosanta;

(d) taighde cosanta agus bonneagar oiliúna;

13. An spás, go háirithe trí earnáil an spáis a fhorbairt faoi réir chuspóirí na Straitéise Spáis;

(a) tairbhí don tsochaí agus don gheilleagar san Aontas a uasmhéadú;

(b) iomaíochas chóras agus theicneolaíochtaí spáis a chothú, agus dul i ngleic go háirithe le leochaileacht slabhraí soláthair;

(c) bunsraith a chur faoin bhfiontraíocht spáis;

(d) uathrialachas an Aontais i dtaca le rochtain shlán shábháilte ar an spás a chothú, lena n-áirítear gnéithe dé-úsáide.